

CUMAS TEANGA: STÓR FOCAL

Tá go leor bealaí éagsúla ann le cur síos a dhéanamh ar chumas teanga. Seo thíos cuid acu. An féidir leat gach frása Gaeilge thíos a cheangal leis an leagan Béarla cuí?

1. I have reasonably good Irish	a. Tá Polainnis líofa aige.	1.	
2. She speaks English very well.	b. Tuigim go leor ach nílim go maith ag labhairt.	2.	
3. I'm learning German at the moment.	c. An bhfuil tú go maith ag teangacha?	3.	
4. I'd like to improve my French.	d. Táim ag foghlaim na Gearmáinise faoi láthair.	4.	
5. She speaks Italian badly.	e. Tá an Spáinnis ar a thoil aige.	5.	
6. I understand a lot but I don't speak it very well.	f. Labhraím beagán Sínise.	6.	
7. Are you good at languages?	g. Níl a cuid lodáilis labhartha rómhaith.	7.	
8. I speak a little Chinese.	h. Tá mo chuid Gaeilge réasúnta maith.	8.	
9. He has fluent Polish.	i. Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Fraincise.	9.	
10. He has very good Spanish.	j. Tá a cuid Béarla labhartha fíormhaith.	10.	

FEASACHT TEANGA (AIDIACHTAÍ)

(i) Aidiachtaí agus na réimíreanna *an-* agus *ró*

Féach ar na haidiachtaí thíos - an dtuigean tú gach ceann acu?

casta	maith	deacair	doiléir
éasca/furasta	rómánsúil	difriúil	soiléir

Cuir meascán de *an-* agus *ró-* roimh na haidiachtaí thuas agus cuir in abairtí iad a bhaineann le foghlaim teangacha i do thaithí féin.

Sampla: *Tá Fraincís an-mhaith agam ach níl mo chuid Spáinnise rómhaith!*

Anois féach ar na habairtí atá scríofa ag na daoine in aice leat agus pléigí na ceistanna seo. Déanaigí comparáid idir na teangacha agus na scileanna atá agaibh.

(ii) An chaint indíreach.

Tagann an chaint indíreach tar éis nathanna cainte a chuireann tuairimí in iúl go minic. Scríobh an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí sna habairtí thíos.

1. Feictear dom nach (tá) _____ an Ghaeilge chomh deacair leis an Iodáilis.
2. Is é mo thuairim go (caithfidh) _____ tú dul go dtí an tír chun an teanga a fhoghlaim.
3. Ceapaim go (bí) _____ an rang Gaeilge ar siúl anocht.
4. Sílim go (cuirtear) _____ an iomarca béime ar an scríobh.
5. Cheap mé go (bí) _____ gramadach na Gearmáinise an-chasta ar fad.
6. Dúirt Fionnuala gur (ceap) _____ sí go raibh a cuid Spáinnise imithe i léig.
7. Is dóigh liom go (cabhraíonn) _____ an cleachtadh rialta le foghlaim na teanga.
8. Táim cinnte go (bí) _____ mé líofa sa teanga má dhéanaim an cleachtadh!

SCRÍOBH



Tá tú ag freastal ar chúrsa Spáinnise faoi láthair. Scríobh ríomhphost chuig cara leat ag cur síos air. Ba cheart duit na rudaí seo a leanas a lua:

- cén fáth a bhfuil tú ag déanamh an chúrsa
- cé mhéad duine ar fad atá sa rang agus cé hiad go ginearálta
- cén saghas duine é/í an múinteoir
- cad a thaitníonn leat faoin rang

Scríobh thart ar 80-100 focal sa bhosca thíos.

MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:				
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				
Ceist(eanna) atá agam go fóill:				

FREAGRAÍ

A: CUMAS TEANGA: STÓR FOCAL

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.
h.	j.	d.	i.	g.	b.	c.	f.	a.	e.

FEASACHT TEANGA (Dul siar)

(i) Aidiachtaí agus na réimíreanna *an-* agus *ró*

an-chasta	róchasta
an-mhaith	rómhaith
an-deacair	ródheacair
an-doiléir	ródhoiléir
an-éasca / an-fhurasta	ró-éasca / rófhurasta
an-rómánsúil	ró-rómánsúil
an-difriúil	ródhifriúil
an-soiléir	róshoiléir

(ii) An chaint indíreach.

1. Feictear dom **nach bhfuil** an Ghaeilge chomh deacair leis an Iodáilis.
2. Is é mo thuairim **go gcaithfidh tú** dul go dtí an tír chun an teanga a fhoghlaim.
3. Ceapaim **go bhfuil/go mbeidh** an rang Gaeilge ar siúl anocht.
4. Sílim **go gcuirtear** an iomarca béime ar an scríobh.
5. Cheap mé **go raibh** gramadach na Gearmáinise an-chasta ar fad.
6. Dúirt Fionnuala **gur cheap** sí go raibh a cuid Spáinnise imithe i léig.
7. Is dóigh liom **go gcabhraíonn** an cleachtadh rialta le foghlaim na teanga.
8. Táim cinnte go mbeidh mé líofa sa teanga má dhéanaim an cleachtadh!